



Spórt Éireann
Infheistíocht Chroídheontais
2026

Réamhrá

Is é Spórt Éireann an t-údarás atá freagrach as an spórt in Éirinn a fhorbairt, lena n-áirítear rannpháirtíocht, ardfeidhmíocht, frithdhópáil, cóitseáil agus Campas Spórt Éireann.

Bunaíodh Spórt Éireann in 2015 agus déanann sé feidhmeanna iar-Chomhairle Spóirt na hÉireann agus Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt. Oibríonn sé chun beartas náisiúnta spóirt a chur i bhfeidhm agus chun méadú a chur ar leibhéil gníomhaíochta coirp ar fud na tíre.

Is ionann Infheistíocht Chroídheontais Spórt Éireann agus gealltanais straitéiseach arna thabhairt ag an Stát chun córas spóirt na hÉireann a neartú. Tá an Infheistíocht Chroídheontais deartha chun maoiniú agus cobhsaíocht a chur ar fáil lena chur ar chumas Coistí Náisiúnta Rialaithe, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus comhlachtaí maoinithe eile oibriú go héifeachtach, pleanáil go straitéiseach agus tosaíochtaí spóirt a bhaint amach. Oibríonn na heagraíochtaí sin i dtimpeallacht atá ag éirí níos casta, a bhfuil tionchar uirthi ag méadú ar an éileamh ar rannpháirtíocht, caighdeáin rialachais a bhíonn ag síorfhorbairt, ionchais níos airde maidir le cosaint, freagrachtaí ó thaobh inbhuanaitheachta de, agus an gá lena chinntiú go bhfuil an spórt ionchuimsitheach agus inrochtana do chách.

D'fhoilligh dul chun cinn fadtéarmach a chothú ar fud na hearnála, aithníonn Spórt Éireann go bhfuil eagraíochtaí láidre de dhíth orainn chun an fás sin a bhaint amach agus go bhfuil Infheistíocht Chroídheontais rithábachtach chun tacú leis an acmhainneacht sin. Tacaíonn Infheistíocht Chroídheontais 2026 le creat beartais an Bheartais Náisiúnta Spóirt 2018-2027 agus leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta Spóirt 2024-2027, ina leagtar amach fíis shoiléir don spórt in Éirinn. Is príomhshásra í Infheistíocht Chroídheontais chun na cuspóirí náisiúnta sin a bhaint amach.

€33.36m a bheidh in Infheistíocht Chroídheontais iomlán Spórt Éireann in 2026, an leibhéal infheistíochta is airde riamh. Is ionann sin agus ardú 6.5% ar leibhéal 2025, agus ardú 87.4% ar an infheistíocht €17.8m a rinneadh in 2018. Léiríonn an fás sin an gealltanais leanúnach agus méadaitheach atá déanta ag an Stát chun spórt agus gníomhaíocht choirp a fhorbairt in Éirinn ó tugadh isteach an Beartais Náisiúnta Spóirt. Tugann Spórt Éireann aitheantas don Rialtas, don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, Patrick O'Donovan TD, agus don Aire Stáit le freagracht speisialta as Spóirt agus Beartas Poist, Charlie McConalogue TD, agus gabhann buíochas leo as a dtacaíocht leanúnach.

Coistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt

Is iad Coistí Náisiúnta Rialaithe (CNRanna) na heagraíochtaí neamhspleácha a threoraíonn, a fhorbraíonn agus a rialaíonn a spóirt faoi seach ar fud na hÉireann. Tá siad freagrach as rialachas, cosaint, caighdeáin cóitseála agus réiteoireachta, struchtúir comórtas agus conairí do lúthchleasaithe ó leibhéal an phobail go dtí an leibhéal ardfeidhmíochta. Aithníonn Spórt Éireann 65 CNR, agus tugann sé tacaíocht airgeadais agus chomhairleach dóibh chun cabhrú leo spóirt a sholáthar ar fud na tíre.

Cuirfear ardú leanúnach ar an tacaíocht airgeadais do Choistí Náisiúnta Rialaithe in 2026. Ar an iomlán, tiocfaidh ardú €1.2m ar Infheistíocht Chroídheontais, ó €18.3m in 2025 go dtí €19.5m in 2026. Is ionann sé sin agus ardú 6.6% bliain ar bhliain agus ardú 80% ó 2018, an chéad bhliain den Bheartas Náisiúnta Spóirt. Cuirfidh an infheistíocht sin ar chumas Spórt Éireann an earnáil CNR a neartú tuilleadh agus tacú le forbairt inbhuanaithe.

Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Tá líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (CÁSanna) Spórt Éireann comhdhéanta de 29 n-eagraíocht atá bunaithe sa chontae agus atá tiomnaithe méadú a chur ar rannpháirtíocht sa spóirt agus sa ghníomhaíocht choirp do gach cónaitheoir. Trí chláir a sholáthar go háitiúil, tacaíocht do chlubanna pobail agus oibrithe deonacha, agus trí oiliúint ardcháilíochta, soláthraíonn CÁSanna feabhsúcháin intomhaiste ar shláinte an choirp agus ar an meabhairshláinte, agus cuireann siad le pobail níos láidre agus níos athléimní ar fud na hÉireann.

Tá €710,000 de chroímhaoiniú breise do CÁSanna faighte ag Spórt Éireann, is é sin ardú 5.9% ar na leithdháiltí in 2025. Fágann sé sin buiséad iomlán na CÁSanna ag €12.66m, níos mó ná dhá oireadh an €6m a infheistíodh in 2018, an chéad bhliain den Bheartas Náisiúnta Spóirt.

Comhlachtaí Maoinithe Eile

Chomh maith leis na 29 CÁS agus na 65 CNR, maoiníonn Spórt Éireann roinnt comhlachtaí spóirt eile. Tacaíonn na heagraíochtaí sin leis an earnáil maidir le rannpháirtíocht, ionchuimsiú agus comhionannas sa spóirt agus sa gníomhaíocht choirp. Ó dhaoine breacaosta agus daoine faoi mhíchumas a spreagadh le bheith gníomhach go dtí tacú le spóirt san ardoideachas agus caighdeáin a ardú i saoráidí áineasa agus aclaíochta, cinntíonn siad go bhfuil níos mó daoine in ann rochtain a dhéanamh ar spóirt agus gníomhaíocht choirp.

Beidh ardú leanúnach ar an tacaíocht airgeadais leis na Comhlachtaí Maoinithe Eile sin in 2026. Tiocfaidh ardú €134,500 ar an infheistíocht fhoriomlán, ó €1,075,000 in 2025 go dtí €1,209,500 in 2026, méid a léiríonn ardú 12.5% bliain ar bhliain agus ardú 36.3% ó 2018, an chéad bhliain den Bheartas Náisiúnta Spóirt. Cuirfidh sé sin ar chumas Spórt Éireann comhpháirtíochtaí leis na heagraíochtaí sin a neartú tuilleadh agus tacú le tionscnaimh spriocdhírithe atá i gcomhréir le hobair CNRanna agus CÁSanna.

Forbairt agus Tacaíocht Earnála Spóirt Éireann

Croí-infheistíocht Ilbhliantúil

I gcomhréir le Gníomh 1 de Phlean Gníomhaíochta Spóirt an Bheartais Náisiúnta Spóirt, 2024-2027, ó 2026 ar aghaidh, féachfaidh an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus Spóirt Éireann le cur chuige ilbhliantúil a chur i bhfeidhm maidir le leithdháiltí croí-infheistíochta, agus 2026 ag feidhmiú mar bhonn do na trí bliana ina dhiaidh sin.

Gníomh 1 – “Chun cumas pleanála agus cobhsaíocht oibríochtúil ár gcomhlachtaí spóirt a fheabhsú, cuirfimid cur chuige ilbhliantúil i bhfeidhm maidir le bunmhaoiniú a leithdháileadh ar chomhlachtaí spóirt, faoi réir buiséad a bheith ar fáil agus na comhlachtaí spóirt cloí leis na riachtanais rialachais atá i réim ar bhonn leanúnach”.

Cairt Luachanna don Spóirt in Éirinn

In 2025, d’fhoilsigh Spóirt Éireann an Chairt Luachanna don Spóirt in Éirinn, ina dtugtar sainmhíniú ar na bunluachanna atá mar bhonn taca leis an spórt ar fud na tíre. Léiríonn na luachanna sin—lonchuimsiú, Ionracas, Meas, Sármhaitheas agus Cuntasacht—na luachanna a ndéanann an spórt ionadaíocht orthu do mhuintir na hÉireann agus don earnáil spóirt, agus leagann sin amach caighdeán soiléir iompair do gach duine atá rannpháirteach sa spórt.

Tá Spóirt Éireann tiomanta timpeallachtaí spóirt atá cothrom agus ionchuimsitheach a sholáthar, timpeallachtaí a thugann tosaíocht do leas rannpháirtithe agus oifigeach agus atá bunaithe ar ionracas agus meas. Le cur chuige ar sholáthar spóirt atá bunaithe go láidir ar luachanna, cabhrófar le hiontaoibh, muinín agus rannpháirteachtas an phobail a chothú.

In 2026, chun tacú leis na luachanna sin a leabú ar gach leibhéal den spórt, reáchtálfaidh Spóirt Éireann sraith ceardlann bunaithe ar an gCairt Luachanna don Spórt.

Straitéis don Lucht Saothair

Is príomhghníomh den Bheartas Náisiúnta Spóirt agus bunspríoc inghnóthaithe faoi shainchúram an Aonaid um Fhorbairt Eagraíochtúil agus Athrú de chuid Spóirt Éireann é Straitéis don Lucht Saothair a fhorbairt. Tá sé mar aidhm ag an straitéis a chinntiú go bhfuil na daoine cearta san earnáil, ag a bhfuil na scileanna cearta, agus iad sna róil chearta chun fás, feidhmíocht agus ionchuimsiú inbhuanaithe a sholáthar i Spóirt na hÉireann.

Tá an straitéis ag teacht le Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann; tacaíonn sí le spriocanna náisiúnta don rannpháirtíocht, feidhmíocht, éagsúlacht agus rialachas. Díríonn sí go príomha ar an lucht saothair gairmiúil i CNRanna, CÁSanna a fhaigheann íocaíocht agus ar eagraíochtaí eile a mhaoiníonn Spóirt Éireann.

Forbraíodh an straitéis i gcomhar leis an earnáil spóirt. Grúpa stiúrtha as Spóirt Éireann a rinne maoirseacht ar chruthú na straitéise agus thacaigh sainchomhairleoir neamhspleách leis.

I measc príomhchodanna den phróiseas forbartha bhí:

- Sé chruinniú fhoirmiúla den ghrúpa stiúrtha
- Athbheithniú ar 28 bpríomhghoiciméad beartais agus taighde
- Suirbhé ar fud na hearnála a eisíodh ar chomhlachtaí a mhaoiníonn Spóirt Éireann
- Cúig ghrúpa fócais san earnáil spóirt
- Níos mó ná 20 agallamh ar leithligh le hionadaithe ó: Cónaidhm Spóirt na hÉireann, ionadaithe seachtracha ar dhaoine faoi mhíchumais agus ar chúrsaí Éagsúlachta & lonchuimsithe, an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais, earnáil an oideachais tríú leibhéal, agus píaraí idirnáisiúnta (Spóirt Shasana, Spóirt na Nua-Shéalainne, agus Spóirt Thuaisceart Éireann) agus Spóirt Éireann

Chruthaigh an próiseas sin bonn fianaise láidir agus sainordú soiléir d’ábhar agus treo na Straitéise. Ach í a chur i gcrích agus a cheadú go foirmiúil, tá an Straitéis le foilsiú in 2026.

Mná sa Spórt

I mBeartas Spórt Éireann maidir le Mná sa Spórt, a foilsíodh den chéad uair in 2019 agus ar seoladh eagrán leasaithe di in 2023, sainaitnítear ceithre bhun-spriocréimsí a léiríonn dúshláin agus deiseanna do mhná sa spórt. Tá Spórt Éireann, a pháirtithe leasmhara agus an Rialtas ag díriú ar na réimsí sin arís in 2026. Seo a leanas na ceithre phríomhréimse:

- 1. Ceannaireacht agus Rialachas**
- 2. Rannpháirteachas Gníomhach**
- 3. Infheictheacht**
- 4. Cóitseáil & Réiteoireacht**

Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta i réimsí mar shampla cothromaíocht inscne i rialachas agus an bhearna rannpháirtíochta idir mná agus fir a dhúnadh, tá obair fós le déanamh chun an bhearna idir na hinscní sa chóitseáil agus sna meáin spóirt a dhúnadh. Mar chuid den obair faoin mBeartas Mná sa Spórt, forbraíodh an Fhoireann Uirlisí um Chreat Ceannaireachta Cothrom le déanaí. Agus í ag feidhmiú mar threoir chun cabhrú le heagraíochtaí spóirt comhionannas inscne a bhaint amach ina gceannaireacht, cuireann sí leis an bhFoireann Uirlisí um Chomhionannas Inscne ar Bhoird, a ndearnadh nuashonrú uirthi chun na hathruithe a tharla san earnáil le cúig bliana anuas a léiriú, lena n-áirítear cur i bhfeidhm an Bheartais Náisiúnta Spórt 2018-2027 agus an Cód Rialachais don Spórt.

Cuirfidh Spórt Éireann ceardlanna oiliúna agus acmhainní oideachais ar bun chun tacú le heagraíochtaí agus iad ag féachaint le gníomhartha éagsúla ón gcreat a chur i bhfeidhm. Fanfaidh feachtais rathúla i bhfeidhm, mar shampla Her Moves, Seachtain na mBan sa Spórt agus Her Outdoors, chun tacú le hobair CNRanna agus CÁSanna. Is gá díriú níos mó ar chóitseáil agus ar infheictheacht, agus leanfaidh Spórt Éireann d'úsáid a bhaint as sásraí mar shampla maoiniú le haghaidh Mná sa Spórt chun CNRanna agus CÁSanna a spreagadh réitigh a chur i bhfeidhm chun comhionannas inscne a thabhairt chun cinn sna réimsí sin.

Leis an leithdháileadh maoinithe níos fearr do Mhná sa Spórt le haghaidh 2026, cuirfear ar chumas CÁSanna tionscnaimh atá spriocdhírthe ar chailíní agus ar mhná ag gach céim den saol a mhéadú agus a neartú, agus díriú go háirithe ar dhaoine as pobail faoi mhíbhuntáiste, cúlraí mionlaigh eitnigh, cailíní sna déaga, aoisghrúpaí breacaosta agus mná faoi mhíchumas.

Osclóidh Spórt Éireann an próiseas iarratais le haghaidh mhaoiniú CNR do Mhná sa Spórt go luath in 2026. In 2025, leithdháileadh deontais dar luach iomlán €3m ar CNRanna chun tacú lena gcuid oibre chun cláir agus tionscnaimh a fhorbairt a chabhraíonn le cur i bhfeidhm chuspóirí an Bheartais Mná sa Spórt.

An Míchumas sa Spórt

Leagtar amach treocharlár Spórt Éireann le haghaidh ionchuimsiú ina Ráiteas um Thiomantas agus Gníomhaíocht maidir le Rannpháirtíocht sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas, a foilsíodh in 2024. Tugtar gealltanas sa ráiteas go ndéanfar gníomhartha intomhaiste faoi chúig cholún:

- 1. Ceannaireacht** - Cheap Spórt Éireann Ceann um Rannpháirtíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas in 2025 chun oibriú i gcomhar le Coistí Náisiúnta Rialaithe, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus daoine eile chun cur i bhfeidhm na ngealltanas sin a bhrú chun cinn. Mar chuid den ghealltanas sin, reáchtálfaidh Spórt Éireann ceardlanna ceannaireachta agus cláir mheantóireachta chun acmhainneacht a fhorbairt sa rialachas spóirt do dhaoine faoi mhíchumas.
- 2. Athrú** - Ionchuimsiú a leabú i rialachas agus i gcleachtas. Áirítear ar spriocanna an bhearna rannpháirtíochta a laghdú (32% do dhaoine faoi mhíchumas in aghaidh 52% do dhaoine gan mhíchumas faoi láthair).
- 3. Cumarsáid** - Méadú a chur ar infheictheacht lúthchleasaithe, cóitseálaithe agus oibrithe deonacha faoi mhíchumas, mar eiseamláirí sna meáin agus i bhfeachtais faoi inrochtaineacht.
- 4. Rochtain** - Feabhas a chur ar shaoráidí agus ar mhaoiniú le haghaidh clár ionchuimsitheach. A chinntiú go bhfuil gach ábhar a mhaoiníonn Spórt Éireann inrochtana, i gcomhréir leis an nGníomh Eorpaigh Inrochtaineachta.
- 5. Acmhainneacht** - Oiliúint agus oideachas do chóitseálaithe, oifigigh agus oibrithe deonacha a mhéadú ionas go mbeidh siad in ann cláir ionchuimsitheacha a sholáthar go muiníneach. Acmhainní agus foirne uirlisí a chur ar fáil do CNRanna agus do chlubanna chun cleachtais ionchuimsitheacha a leabú iontu.

Mar thacaíocht do Ghníomh 2.2 i Ráiteas Spórt Éireann um Thiomantas agus Gníomhaíocht maidir le Rannpháirtíocht sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas, osclóidh Spórt Éireann próiseas iarratais ar mhaoiniú um Mhíchumas sa Spórt faoin nGníomh Eorpaigh Inrochtaineachta (Inrochtaineacht Dhigiteach) go luath in 2026.

Gníomh 2.2 – “Agus aitheantas á thabhairt don athrú atá le déanamh ar reachtaíocht na hÉireann maidir le hinrochtaineacht, acmhainneacht a fhorbairt ar fud na hearnála spóirt maidir le hinrochtaineacht dhigiteach agus teanga chuí agus inrochtana a úsáid i ngach cumarsáid agus gníomhaíocht fógraíochta.”

In 2025, thug Fóraim Náisiúnta Spórt Éireann d'Oifigigh Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas breis agus 50 oifigeach ó CNRanna, CÁSanna agus eagraíochtaí maoinithe eile le chéile. Sheol Spórt Éireann a chéad Seachtain Náisiúnta um Mhíchumas sa Spórt i mí na Nollag freisin, faoin téama "Ag Ceiliúradh Cumas". Leagann an tionscnamh béim ar an méid atá bainte amach ag lúthchleasaithe, cóitseálaithe, oibrithe deonacha agus urlabhraithe faoi mhíchumas, agus atreisiúnn an prionsabal go bhfuil spórt agus gníomhaíocht choirp oscailte do gach duine i ngach áit. Cuireadh an tseachtain i gcrích i gcomhar le CNRanna, CÁSanna agus eagraíochtaí a chuimsíonn daoine faoi mhíchumas.

Cumhdach

Tá treoraíocht, teimpléid agus acmhainní cuimsitheacha maidir le cosaint forbartha ag Spórt Éireann, agus iad i gcomhréir le treoraíocht agus reachtaíocht um chosaint leanaí. Scaiptear iad sin ar fud na hearnála spóirt agus tugtar tacaíocht dóibh le clár struchtúrtha oideachais, tacaíochta agus comhlíontachta. Áirítear air sin soláthar náisiúnta Cheardlanna Spórt Éireann um Chosaint Leanaí do na mílte ceannairí spóirt gach bliain, oiliúint athnuachana um chosaint, forbairt teagascóirí, agus an aip um Spórt Sábháilte a úsáidtear go forleathan, agus a thugann faisnéis ghníomhach do chóitseálaithe, tuismitheoirí, leanaí agus oibrithe deonacha.

In 2025, choimisiúnaigh Spórt Éireann athbhreithniú ar a cheardlanna um chosaint, d'fhonn feabhas a chur ar an gcaoi a soláthraímid faisnéis riachtanach faoi chosaint do cheannairí spóirt. Tosófar ar na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm in 2026 i gcomhar leis an earnáil. Leanfar ar aghaidh ag díriú ar spórt sábháilte do dhaoine fásta freisin in 2026, chun a chinntiú go mbeidh gach duine, beag beann ar aois ná imthosca, in ann páirt a ghlacadh sa spórt i dtimpeallacht shábháilte. Bhunaigh Spórt Éireann grúpa fócais do ghuthanna óga in 2025 freisin chun a chinntiú go gcuirfear guthanna leanaí agus daoine óga san áireamh inár gcinnteoireacht.

Cóitseáil & Réiteoireacht

Tá Spórt Éireann freagrach as cóitseáil a fhorbairt in Éirinn agus, le déanaí, as réiteoireacht a fhorbairt freisin. Tacaíonn Spórt Éireann le Coistí Náisiúnta Rialaithe (CNRanna) chun cláir oideachais chóitseála ardchaighdeán a fhorbairt, ar cláir iad a chomhlíonann caighdeán an Chláir Forbartha Cóitseála d'Éirinn (.i. an caighdeán náisiúnta don chóitseáil). Cuireann Spórt Éireann comhairle ar CNRanna maidir le córais chóitseála éifeachtacha a fhorbairt chun tacú le cóitseálaithe ar gach leibhéal, cabhraíonn sé leo chun pleananna bliantúla cóitseála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus cuireann sé oiliúint ar Fhorbróirí Cóitseálaithe chun oibriú le cóitseálaithe ar an talamh i suíomhanna foghlama foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Oibríonn Spórt Éireann le CNRanna agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spórt (CÁSanna) freisin chun sainoiliúint a chur ar fáil i mbunreimsí cóitseála, mar shampla leanaí a chóitseáil, cailíní sna déaga a chóitseáil, inniúlacht fhisiciúil a fhorbairt, agus daoine faoi mhíchumas a chóitseáil.

I mí na Samhna 2025, sheol Spórt Éireann an Plean Forbartha d'Oifigigh Theicniúla 2025–2027 (TODP), plean náisiúnta a forbraíodh i gcomhar le CNRanna agus CÁSanna chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a léirítear i Staidéar Féidearthachta Spórt Éireann maidir le réiteoireacht. Dírítear sa TODP ar earcaíocht agus coinneáil a neartú, oiliúint agus forbairt a fheabhsú, conairí aitheantais a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar chosc a chur ar mhí-úsáid d'oifigigh. Tá sé mar aidhm aige bunathrú a chur ar chúrsaí réiteoireachta trí struchtúir tacaíochta níos láidre, timpeallachtaí níos sábháilte agus níos measúla agus cinnteoireacht bunaithe ar shonraí. Fágann sé sin go bhfuil an TODP ar an gcéad phlean náisiúnta dá chineál san Eoraip.

Frithdhópáil

Áirítear ar fheidhmeanna Spórt Éireann deireadh a chur le dópáil sa spórt agus déanann Spórt Éireann gníomhaíochtaí a mheastar atá cuí chun dópáil sa spórt a chomhrac agus chun spórt glan a chosaint freisin. I measc na ngníomhaíochtaí sin tá an clár náisiúnta tástála agus faisnéis agus imscrúdú. Mar chuid den chlár tástála, treoraíonn Spórt Éireann bailiú samplaí agus bainistiú torthaí na dtástálacha. Tá rochtain ar oideachas ar cheann de na bunphrionsabail atá mar bhonn taca le clár frithdhópála ar bith. Soláthraíonn Spórt Éireann clár cuimsitheach um oideachas spóirt ghlain do lúthchleasaithe, do phearsanra tacaíochta agus do CNRanna, agus is príomhcholún de Chlár Frithdhópála Spórt Éireann é. Cuireann an tAonad Frithdhópála cur chuige lena dtugtar tús áite don oideachas i bhfeidhm, rud a chinntíonn go gcuirtear lúthchleasaithe agus pearsanra tacaíochta ar an láneolas faoina gcearta, faoina bhfreagrachtaí agus faoi phríomhphróisis an rialaithe dópála, roimh shampla a thabhairt.

Soláthraítear Oideachas Frithdhópála trí raon ardán inrochtana, lena n-áirítear ríomh-foghlaim, ceardlanna faoin spórt glan, oiliúint do theagascóirí, imeachtaí for-rochtana agus acmhainní -a bhaineann go sonrach leis an spórt. Soláthraíonn Spórt Éireann uirlisí praiticiúla freisin, mar shampla treoraíocht faoi leighis a sheiceáil, treoraíocht faoi riosca ó fhorlíonta, agus rochtain ó -fhóin phóca ar phríomh-acmainní, chun tacú le lúthchleasaithe agus CNRanna cultúr láidir spóirt ghlain a chur chun cinn.

Taighde, Meastóireacht & Nuálaíocht

I Ráiteas Straitéise Spórt Éireann 2021-2027, leagtar amach an ról atá ag taighde chun tacú le hearnáil spóirt den chéad scoth in Éirinn, a oibríonn ar na caighdeáin is airde rialachais agus cuntasachta agus a chuireann le cuspóirí an Bheartais Náisiúnta Spórt. Leis an straitéis, déantar cultúr fiosracha agus dul chun cinn a chur chun tosaigh, bunaithe ar thaighde láidir ar fud na hearnála spóirt. Tá Aonad Taighde agus Nuálaíochta Spórt Éireann i gceannas ar thaighde ardchaighdeáin arna dhéanamh ag Spórt Éireann agus ag an earnáil spóirt in Éirinn, déanann sé an taighde sin a fhás agus a roinnt, agus tugann sé tacaíocht dó. Tugtar breac-chuntas ar 26 ghníomh faoi chúig sprioc straitéiseacha sa Straitéis, agus cuirtear i bhfeidhm iad i ndlúthchomhar leis an earnáil agus le hinstitiúidí ábhartha. D'fhoilligh giniúint eolais agus cumas digiteach a thabhairt chun cinn, infheistíodh Spórt Éireann €554,913 in 2026 in dhá scéim deontais: an Deontas Taighde & Meastóireachta agus an Ciste um Chatalaígh Dhigiteacha. Tabharfar tacaíocht do 28 dtionscadal chun a chinntiú go mbeidh an léargas agus na huirlisí digiteacha ag comhlachtaí spóirt a theastaíonn uathu chun deiseanna ardchaighdeáin agus éifeachtacha a sholáthar ar fud na tíre.

An Scéim Deontais Taighde & Meastóireachta

Bunaíodh an Scéim Deontais Taighde & Meastóireachta (REGS) in 2021 mar scéim phíolótach faoi Ghníomh 12 de Straitéis Taighde Spóirt Éireann, chun cinnteoireacht fhianaisebhunaithe a neartú ar fud an spóirt in Éirinn agus chun comhpháirtíochtaí taighde fadtéarmacha a fhorbairt idir comhlachtaí spóirt agus Institiúidí Ardoideachais. Ó shin i leith, maoiníodh 112 thionscadal taighde agus meastóireachta faoin scéim, agus baint acu le breis agus 30 Coiste Náisiúnta Rialaithe agus níos mó ná 25 Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt i gcomhar le roinnt Institiúidí Ardoideachais. Tá fás tagtha ar an scéim agus tacaíonn sí anois le taighde feidhmeach, meastóireacht ar thionscnaimh rannpháirtíochta, forbairt chonairí agus nuálaíocht ardfheidhmíochta. Leanann an scéim ar aghaidh ag cothú cumas na hearnála chun fianaise ardchaighdeán a ghiniúint agus comhpháirtíochtaí a neartú, ar comhpháirtíochtaí iad a bhrúnn tionchar agus foghlaim ar aghaidh ar fud na tíre. Leithdháileadh €408,947 ar 17 dtionscadal chomhoibríocha in 2026. Tá na hiarratais ar éirigh leo ag tabhairt aghaidh ar théamaí mar shampla mná sa spórt, rannpháirtíocht déagóirí, conairí cóitseála, para-spóirt a fhorbairt, spórt don tsláinte agus don téarnamh, agus monatóireacht ar lúthchleasaithe ardfheidhmíochta.

An Ciste um Chatalaigh Dhigiteacha

Seoladh an Ciste um Chatalaigh Dhigiteacha in 2024 mar fhreagra ar aiseolas ó ar fud na hearnála lenar sainaitníodh an gá le hinfheistíocht atá tiomnaithe do chumas digiteach. Tugann an Ciste um Chatalaigh Dhigiteacha tacaíocht do CNRanna, CÁSanna agus Comhlachtaí Maoinithe Eile chun tabhairt faoi thionscadail dhigiteacha a fheabhsaíonn riarachán agus bainistiú an spóirt, a chabhraíonn le bailiú sonraí, anailísíocht, cibearshlándáil, RGCS agus stóráil, a fheabhsaíonn eispéiris agus/nó feidhmíocht comhaltaí, rannpháirtithe, lúthchleasaithe, oibrithe deonacha nó lucht féachana, a thacaíonn leis na feidhmeanna oideachais agus oiliúna, nó a fhorbraíonn cumarsáid agus deiseanna spóirt a bheoshruithú.

Déanfaidh Spórt Éireann €145,966 a infheistiú i 11 tionscadal i CNRanna agus CÁSanna in 2026. Soláthróidh na tionscadail seo feabhsúcháin ar dheiseanna sonraí, córais bhainistithe rannpháirtithe, ardáin do chomórtais agus ballraíocht, uirlisí tacaíochta do lúthchleasaithe agus réitigh nuálacha don rannpháirteachas digiteach.

SIGMA – Feidhmchlár Bainistíochta Deontas Spórt Éireann

Cuireadh feabhas suntasach ar chumais oibríochtúla Spórt Éireann le cur i bhfeidhm SIGMA, Feidhmchlár Bainistíochta Deontas Spórt Éireann, in 2023. Is é SIGMA an tairseach ar líne trína ndéanann eagraíochtaí incháilithe iarratais ar scéimeanna maoinithe éagsúla. Dearadh an t-ardán ar dtús chun tacú le 10 gclár deontais i níos mó ná 100 eagraíocht, agus tacaíonn sé le 16 chlár maoinithe anois.

Tá feabhsúcháin mhóra ar éifeachtúlacht, comhsheasmhacht agus trédhearcacht déanta ag SIGMA. Tá sreabhadh oibre láraithe tar éis laghdú mór a chur ar an ualach riaracháin inmheánach, agus tá cruinneas sonraí agus tuairisciú fíor-ama feabhsaithe tar éis ár gcumas monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus acmhainní a leithdháileadh go héifeachtach a neartú.

Is tábhachtach go bhfuil an córas tar éis feabhas a chur ar ár gcumarsáid agus comhoibriú dhá threo le heagraíochtaí maoinithe. Leanfaimid orainn ag cur leis sin trí níos mó próiseas cuíchóirithe agus bainistiú comhlíontachta iontaoifa a chumasú. Tríd is tríd, neartaigh an córas seo ár dtiomantas don chuntasacht agus fágann sé go bhfuil ár n-aonaid ghnó ullamh le tionchar níos mó fós a imirt sa bhliain amach romhainn.

An Cód Rialachais don Spórt

Féachann Spórt Éireann ar rialachas éifeachtach mar rud bunúsach chun trédhearcacht, cuntasacht agus ceannaireacht eiticíúil a chinntiú ar fud na hearnála. Is príomhthosaíocht do Spórt Éireann i gcónaí é an cumas rialachais a neartú; aithnímid gur aistear leanúnach seachas ceann scríbe seasta é dea-rialachas. Le Gníomh 38 de Phlean Gníomhaíochta Spóirt an Bheartais Náisiúnta Spóirt, 2024-2027, dearbhaítear an gá atá le hathbhreithniú agus feabhsú leanúnach ar an gCód Rialachais don Spórt chun na hionchais agus an dea-chleachtas atá ag teacht chun cinn a léiriú. Tar éis raon feidhme an tionscadail a chomhaontú agus creat ilbheart a chur ar bun in 2025, beidh Spórt Éireann i gceannas ar athnuachan cuimsitheach ar an gCód i rith 2026. Tabharfar tacaíocht don obair seo trí bhíthin leanúint le clár comhthreomhar d'oidéachas, oiliúint, agus tacaíochtaí ón earnáil arna soláthar ag clár forbartha rialachais Spórt Éireann, Gov-Enhance.

Gníomh 38 – *“Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh go leanúnach ar an gCód Rialachais don Spórt chun treochtaí nua rialachais a chur san áireamh”*

Coistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt

Tá na Coistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt (CNRanna) dá dtugann Spórt Éireann aitheantas i gcroílár spóirt na hÉireann. Is gníomhairí soláthar ag leibhéal an phobail iad do chuspóirí straitéiseacha Spórt Éireann agus do bheartas níos leithne an Rialtais.

Príomhfhócas de chuid Spórt Éireann is ea cabhrú le CNRanna struchtúir éifeachtacha a fhorbairt a éascóidh méadú ar líon na rannpháirtithe agus n-oibrithe deonacha sa spóirt. Déantar infheistíocht leis an aidhm shonrach inbhuanaitheacht fhadtéarmach na CNRanna a chinntiú. Agus é ag infheistiú i CNRanna, cuireann Spórt Éireann tábhacht náisiúnta gach spóirt, cáilíocht na gclár agus na n-oibríochtaí, leibhéil rannpháirtíochta, ballraíocht, obair dheonach agus caipiteal sóisialta san áireamh. Is mian le Spórt Éireann go mbeadh raon éagsúil spóirt ar fáil don phobal, agus tá infheistiú i raon leathan CNRanna á dhéanamh aige i gcónaí.

Ag cur lenar baineadh amach i mblianta roimhe seo, tá Spórt Éireann fós ag tabhairt tosaíochta d'acmhainneacht a fhorbairt laistigh de CNRanna faoi stiúir oibrithe deonacha, rud a thugann deis dóibh ailíniú le cuspóirí níos leithne an Rialtais agus aistriú chuig struchtúir níos gairmiúla.

Sa bhreis ar chroímhaoiniú, leithdháilfidh Spórt Éireann infheistiú straitéiseach €390,000 mar chuid de thionscnamh piolótach in 2026. Tacóidh an maoiniú sin le forbairt eagraíochtúil agus acmhainneacht fórsa saothair i CNRanna áirithe a bhfuil deis fáis láidir acu. I measc na n-eagraíochta tairbheacha tá Cumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann, Rámhaíocht Éireann, Cumann Cispheile na hÉireann, Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann, Cumann Tógála Meáchan na hÉireann, Cumann Júdó na hÉireann, Cumann Eitpheile na hÉireann, Cumann Surfála na hÉireann, Cumann Billéardaí agus Snúcair na hÉireann, agus Cumann Treodóireachta na hÉireann.

Leithdháileadh CNRanna 2018-2026

Coiste Náisiúnta Rialaithe	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026
Comhairle na hÉireann do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta	€1,200,000	€1,200,000	€1,400,000	€1,400,000	€1,450,000	€1,500,000	€1,600,000	€1,650,000	€1,732,000
Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann	€887,000	€950,000	€1,000,000	€1,000,000	€1,100,000	€1,150,000	€1,230,000	€1,270,000	€1,333,000
Cumann Snámha na hÉireann	€827,000	€910,000	€950,000	€950,000	€1,050,000	€1,100,000	€1,175,000	€1,215,000	€1,275,000
Eachspórt Éireann	€775,000	€855,000	€930,000	€930,000	€975,000	€1,000,000	€1,070,000	€1,105,000	€1,160,000
Cumann Cispheile na hÉireann	€598,000	€695,000	€740,000	€740,000	€800,000	€840,000	€900,000	€930,000	€980,000
Cumann Leadóige na hÉireann	€353,000	€425,000	€450,000	€450,000	€450,000	€475,000	€535,000	€760,000	€800,000
Cruicéad Éireann	€355,000	€450,000	€480,000	€480,000	€500,000	€525,000	€570,000	€595,000	€627,000
Cumann Pheil na mBan	€400,000	€450,000	€485,000	€485,000	€500,000	€525,000	€570,000	€595,000	€627,000
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann	€432,000	€475,000	€500,000	€500,000	€500,000	€525,000	€570,000	€595,000	€625,000
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	€323,000	€385,000	€410,000	€410,000	€450,000	€475,000	€520,000	€545,000	€575,000
Cumann na Camógaíochta	€395,000	€395,000	€435,000	€435,000	€450,000	€475,000	€520,000	€545,000	€575,000
Rothaíocht Éireann	€305,000	€350,000	€420,000	€420,000	€420,000	€440,000	€500,000	€525,000	€555,000
Cumann Badmantain na hÉireann	€320,000	€365,000	€390,000	€390,000	€425,000	€445,000	€490,000	€515,000	€542,000
Cumann Gleacaíochta na hÉireann	€230,000	€320,000	€340,000	€340,000	€370,000	€395,000	€420,000	€445,000	€470,000
Cumann Haca na hÉireann	€260,000	€325,000	€340,000	€340,000	€365,000	€383,000	€410,000	€435,000	€457,000
Rámhaíocht Éireann	€210,000	€300,000	€320,000	€320,000	€350,000	€368,000	€395,000	€420,000	€440,000
Aontas Gailf na hÉireann	€233,000	€300,000	€320,000	€320,000	€350,000	€368,000	€395,000	€415,000	€436,000
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt)	€240,000	€275,000	€285,000	€285,000	€315,000	€330,000	€360,000	€380,000	€400,000
Aontas Canúála na hÉireann	€205,000	€250,000	€275,000	€275,000	€310,000	€325,000	€355,000	€375,000	€395,000
Cluichí Pobail Náisiúnta	€284,000	€315,000	€315,000	€260,000	€285,000	€299,000	€320,000	€340,000	€358,000
Trí-Atlan Éireann	€108,000	€180,000	€225,000	€225,000	€265,000	€278,000	€300,000	€320,000	€340,000
Scuais Éireann	€160,000	€180,000	€200,000	€200,000	€230,000	€242,000	€300,000	€320,000	€337,000
Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann	€193,000	€225,000	€235,000	€235,000	€235,000	€247,000	€265,000	€285,000	€300,000
Cumann Eitpheile na hÉireann	€185,000	€200,000	€210,000	€210,000	€230,000	€242,000	€260,000	€280,000	€295,000
Rásaíocht Mótair Éireann	€137,000	€160,000	€180,000	€180,000	€200,000	€210,000	€220,000	€240,000	€255,000
Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann	€107,000	€107,000	€115,000	€115,000	€150,000	€160,000	€210,000	€230,000	€245,000
Cumann Júdó na hÉireann	€70,000	€85,000	€100,000	€100,000	€150,000	€155,000	€165,000	€180,000	€193,000
Teilgean agus Amas Éireann	€63,000	€75,000	€80,000	€80,000	€95,000	€100,000	€150,000	€165,000	€180,000

Coiste Náisiúnta Rialaithe	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026
Cumann Surfála na hÉireann	€64,000	€75,000	€80,000	€80,000	€125,000	€130,000	€135,000	€150,000	€162,000
Spóirt Radhairc na hÉireann	€35,000	€45,000	€48,000	€48,000	€70,000	€75,000	€125,000	€140,000	€152,000
Tumadóireacht Éireann	€60,000	€70,000	€75,000	€75,000	€110,000	€116,000	€125,000	€140,000	€150,000
Liathróid Láimhe CLG Éireann	€90,000	€100,000	€105,000	€105,000	€115,000	€120,000	€130,000	€130,000	€140,000
Cumann Billéardaí agus Snúcair na hÉireann	€63,000	€70,000	€75,000	€75,000	€80,000	€85,000	€100,000	€115,000	€123,000
Cumann Treodóireachta na hÉireann	€45,000	€65,000	€65,000	€65,000	€75,000	€80,000	€85,000	€100,000	€107,000
Cumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann	€36,000	€45,000	€48,000	€48,000	€48,000	€50,000	€55,000	€95,000	€101,000
Pionsóireacht Éireann	€27,000	€55,000	€55,000	€55,000	€65,000	€68,000	€75,000	€90,000	€96,000
Coimisiún Ealaíon Comhraic na hÉireann	€45,000	€60,000	€60,000	€60,000	€75,000	€78,000	€90,000	€90,000	€96,000
Liathróid Láimhe Oilimpeach Éireann	€35,000	€45,000	€48,000	€48,000	€60,000	€65,000	€75,000	€90,000	€96,000
Cumann Tógála Meáchan na hÉireann	-	€30,000	€32,000	€32,000	€55,000	€57,000	€75,000	€90,000	€96,000
Spóirt na mBodhar, Éire	€61,000	€65,000	€65,000	€65,000	€67,000	€68,000	€70,000	€85,000	€91,000
Bollai Éireann	€24,000	€30,000	€32,000	€32,000	€50,000	€55,000	€70,000	€85,000	€91,000
Peil Mheiriceánach Éireann	€23,000	€30,000	€32,000	€32,000	€45,000	€50,000	€60,000	€75,000	€85,000
Tarraingt Téide na hÉireann	€22,000	€40,000	€40,000	€40,000	€55,000	€57,000	€60,000	€75,000	€80,000
Cumann Babhlála Deich bPionna na hÉireann	€27,000	€35,000	€37,000	€37,000	€45,000	€47,000	€55,000	€65,000	€71,000
Cónaidhm Sciála Uisce agus Chlársheoltóireachta Srutha na hÉireann	€20,000	€25,000	€27,000	€27,000	€40,000	€42,000	€50,000	€60,000	€65,000
Cumann Liathróid Raicéid na hÉireann	€15,000	€20,000	€25,000	€25,000	€40,000	€42,000	€48,000	€58,000	€65,000
Cónaidhm Casta Baitín na hÉireann	€16,000	€20,000	€25,000	€25,000	€40,000	€42,000	€48,000	€58,000	€63,000
Comhairle Slatiascaireachta na hÉireann	€10,000	€15,000	€20,000	€20,000	€30,000	€32,000	€45,000	€55,000	€60,000
Cumann Haca Oighir na hÉireann	-	€10,000	€10,000	€10,000	€25,000	€28,000	€45,000	€55,000	€60,000
Gluaisrothaíocht Éireann	€48,000	€48,000	€48,000	€48,000	€50,000	€55,000	€55,000	€55,000	€60,000
ONAKAI	€6,000	-	€10,000	€10,000	€25,000	€28,000	€45,000	€55,000	€60,000
Cumann Coraíochta Amaitéarach na hÉireann	€15,000	€20,000	€25,000	€25,000	€30,000	€32,000	€40,000	€50,000	€56,000
Cumann Boghdóireachta na hÉireann	€12,000	€15,000	-	€15,000	€30,000	€32,000	€40,000	€50,000	€55,000
Ból-Chumann na hÉireann	€20,000	€30,000	€32,000	€32,000	€35,000	€37,000	€40,000	€50,000	€55,000
Cumann Uaimheadóireachta na hÉireann	€10,000	€15,000	€20,000	€20,000	€30,000	€32,000	€40,000	€50,000	€55,000
Cumann Cróice na hÉireann	€5,000	€10,000	€10,000	€10,000	€25,000	€28,000	€35,000	€45,000	€50,000

Coiste Náisiúnta Rialaithe	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026
Rugbaí Sraithe Éireann	€11,000	€15,000	€20,000	€20,000	35,000	€37,000	€40,000	€40,000	€45,000
Taecuando Éireann*	€9,000	€25,000	€25,000	€25,000	35,000	€37,000	€37,000	€37,000	-
Iomlán	€10,709,000	€12,330,000	€13,324,000	€13,284,000	€14,580,000	€15,282,000	€16,768,000	€18,008,000	€18,993,000
Tionscadail agus Cláir Speisialta**	€126,000	€305,000	€501,000	€541,000	420,000	€488,000	€302,000	€92,000	€117,000
Aistriú Cláir Feidhmíochta***	-	-	-	-	-	€230,000	€230,000	-	-
Infheistíocht Straitéiseach Spriocdhírthe****	-	-	-	-	-	-	-	€200,000	€390,000
Cluichí Oilimpeacha Speisialta Domhanda	-	€180,000	-	-	-	-	-	-	-
Cumann Caiteoirí Crú Capaill na hÉireann	€5,000	€10,000	-	-	-	-	-	-	-
Aerclub Náisiúnta na hÉireann	€5,000	-	-	-	-	-	-	-	-
Peantatlán Éireann*****	-	€20,000	€20,000	€20,000	-	-	-	-	-
Iomlán	€10,845,000	€12,845,000	13,845,000	€13,845,000	€15,000,000	€16,000,000	€17,300,000	€18,300,000	€19,500,000

* **Taecuando Éireann:** Níor ceadaiodh croidheontas 2026 faoi láthair ós rud é go bhfuil ceanglais tuairiscithe agus chomhlíontachta fós le comhlíonadh. Leanfaidh Spórt Éireann ar aghaidh ag plé le Taecuando Éireann chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna sin.

** **Tionscadail agus Cláir Speisialta:** Maoiniú imfhálaithe do thionscadail CNRanna a bhfuil tábhacht straitéiseach leo

*** **Aistriú Cláir Feidhmíochta:** Maoiniú chun tacú le Cláir Feidhmíochta i gCumann Leadóige na hÉireann agus Cumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann - curtha san áireamh sa chroímhaoiniú ó 2025

**** **Infheistíocht Straitéiseach Spriocdhírthe:** Infheistíocht straitéiseach spriocdhírthe chun tacú le tionscadail phíolótacha i gCumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann, Rámhaíocht Éireann, Cumann Cispheile na hÉireann, Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann, Cumann Tógála Meáchan na hÉireann, Cumann Judo na hÉireann, Cumann Eitpheile na hÉireann, Cumann Surfála na hÉireann, Cumann Billéardaí agus Snúcair na hÉireann agus Cumann Treodóireachta na hÉireann

***** **Peantatlán Éireann:** Maoiniú comhardaithe le Clár Ardfeidhmíochta Spórt Éireann

CÁS de réir na nUimhreacha

FIGIÚIRÍ RANNPHÁIRTÍOCHTA IS DÉANAÍ

Ghlac **577,728** duine páirt in 2,211 tionscnamh rannpháirtíochta a soláthraíodh go háitiúil – méadú 48% ó bhí 2018 ann



Ghlac **27,378** duine faoi mhíchumas páirt i dtionscnaimh CÁS – méadú 12% ó bhí 2019 ann



Ghlac **477,536** rannpháirtí ó phobail faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch páirt i dtionscnaimh CÁS



Is mná iad **52%** de na comhaltaí boird sna CÁSanna go léir



Ghlac **44,957** bean agus cailín páirt i dtionscnaimh 'Mná sa Spórt' – méadú 79% ó bhí 2018 ann




Ghlac **21,949** duine faoi mhíchumas páirt i dtionscnaimh CÁS – méadú 12% ó bhí 2019 ann



SONRAÍ MAOINITHE CÁSanna

Infheistíocht in CÁSanna in 2026: **€12.66m**



Soláthar Foirne: €9.52m	€4.67m	Comhordaitheoirí agus Riarthóirí CÁSanna
	€1.42m	Bainisteoirí Cláir
	€1.14m	Oifigigh Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas (ORSDManna)
	€1.14m	Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal (OFSPanna)
	€1.15m	Oifigigh eile
Cláir agus Forbairt: €1.92m	€1.45m	Maoiniú clár
	€0.47m	Maoiniú 'Mná sa Spórt'
Oibriúchán agus Margaíocht: €1.22m	€1.22m	Costais Oibriúcháin agus Margaíocht

Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt Spóirt Éireann

Maidir le 2026, tá infheistíocht méadaithe ag Spóirt Éireann ar fud a líonra de 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt (CÁSanna) go dtí €12.66m, méadú níos mó ná dúbailt ar infheistíocht ó bhí 2018 ann. Cuirfidh Infheistíocht Chroícheontais 2026 leis an obair atá déanta cheana féin ag na CÁSanna, agus neartóidh sí a gcumas tacú le pobail agus iad a chumhachtú, go háirithe pobail faoi mhíbhuntáiste, le bheith rannpháirteach sa spóirt agus sa ghníomhaíocht choirp. Cinnteoidh an cur chuige seo go ndéanfar fíis Spóirt Éireann a leabú ar bhonn áitiúil tríd an líonra CÁSanna.

Cuireann an infheistíocht ar chumas bhaill foirne na CÁSanna cláir a sholáthar trí thionscnaimh mhaoinithe leanúnacha, gníomhaíochtaí fógraíochta agus forbairt pobal agus clubanna. Déanann Spóirt Éireann an infheistíocht seo a chomhordú go lárnach, agus tá sí deartha chun tionchar acmhainní CÁSanna a uasmhéadú, comhpháirtíochtaí a chothú, agus cur le hacmhainneacht trí infheistíocht spriocdhírthe sa spóirt agus sa ghníomhaíocht choirp áitiúil.

Agus cuspóirí Straitéis Spóirt Éireann agus gníomhartha an Bheartais Náisiúnta Spóirt mar threoir aici, déanfaidh Infheistíocht Chroícheontais 2026 raon feidhme agus tionchar an líonra CÁSanna a mhéadú, agus tacóidh sí le deiseanna áitiúla agus feachtais rannpháirtíochta náisiúnta a chur chun cinn ar fud na hÉireann.

Príomhréimsí infheistíochta sa líonra:

1. Soláthar foirne - €9.52m

- Comhordaitheoirí agus Riarthóirí CÁSanna, lena chinntiú go mbeidh ceannaireacht thiomnaithe ag gach CÁS chun aidhmeanna straitéiseacha a bhaint amach - €4.66m
- Bainisteoirí Clár i ngach CÁS, chun bainistiú agus comhordú clár a neartú - €1.42m
- Oifigigh Rannpháirtíochta sa Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas (ORSDM) chun deiseanna do dhaoine faoi mhíchumas a thabhairt chun cinn - €1.14m
- Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal (OFSP) chun rannpháirteachas phobail faoi ghannionadaíocht a spreagadh - €1.14m
- Oifigigh bhreise i réimsí tosaíochta, mar shampla rialachas, airgeadas, éagsúlacht, spóirt amuigh faoi aer, cumarsáid agus riarachán - €1.16m

2. Cláir agus Forbairt - €1.92m

- Beidh maoiniú clár €1.45m ann do CÁSanna in 2026, agus beidh béim láidir ar Dheontais Forbartha Clubanna mar phríomh-shásra chun acmhainneacht áitiúil a chothú agus rannpháirteachas phobail faoi ghannionadaíocht a spreagadh.
- Méadaíodh an maoiniú le haghaidh Mná sa Spóirt go dtí €473,555 in 2026, méadú 14%, chun tacú le comhionannas inscne agus rannpháirtíocht ionchuimsitheach, le béim ar thacú le pobail atá faoi mhíbhuntáiste agus ina bhfuil ilchineálacht eitneach, le daoine breacaosta agus le mná faoi mhíchumas. An cuspóir uileghabhálach atá leis ná na bearnaí rannpháirtíochta a dhúnadh.

3. Costais Oibriúcháin agus Margaíocht - €1.22m

- Tá an maoiniú seo á leithdháileadh chun príomhchostais oibriúcháin a chlúdach agus chun aschur margaíochta a fheabhsú ar fud an líonra CÁSanna. Neartóidh an infheistíocht infheictheacht áitiúil agus náisiúnta, cuirfidh sí deiseanna rannpháirtíochta chun cinn, agus tacóidh sí le hoibrithe deonacha a earcú agus le hinfeistíocht áitiúil.

Infheistíocht Chroídeontais in CÁSanna, 2026

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt	Croímhaoiniú / Maoiniú Cláir	Mná sa Spórt	Iomlán
Ceatharlach	€326,127	€45,000	€371,127
An Cabhán	€355,581	€7,000	€362,581
An Clár	€441,393	€24,000	€465,393
Corcaigh	€604,691	€23,500	€628,191
Dún na nGall	€468,807	€9,000	€477,807
Cathair Bhaile Átha Cliath	€436,474	€18,000	€454,474
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	€394,341	€10,000	€404,341
Fine Gall	€405,563	€30,000	€435,563
Gaillimh	€462,048	€15,000	€477,048
Ciarraí	€350,281	€8,000	€358,281
Cill Dara	€462,577	€14,000	€476,577
Cill Chainnigh	€502,309	€3,000	€505,309
Laois	€419,047	€25,000	€444,047
Liatroim	€211,523	€15,000	€226,523
Luimneach	€728,901	€16,000	€744,901
An Longfort	€302,372	€9,000	€311,372
Lú	€314,080	€5,000	€319,080
Maigh Eo	€407,654	€25,000	€432,654
An Mhí	€661,334	€56,000	€717,334
Muineachán	€331,881	€10,000	€341,881
Uíbh Fhailí	€341,268	€15,000	€356,268
Ros Comáin	€396,669	€5,000	€401,669
Sligeach	€443,007	€40,555	€483,562
Baile Átha Cliath Theas	€344,565	€0	€344,565
Tiobraid Árann	€387,592	€12,000	€399,592
Port Láirge	€533,985	€13,000	€546,985
An Iarmhí	€327,390	€5,000	€332,390
Loch Garman	€388,590	€8,500	€397,090
Cill Mhantáin	€431,396	€7,000	€438,396
Fo-iomlán	€12,181,445	€473,555	€12,655,000

Infheistíocht Chroídeontais in CÁSanna, 2018 - 202

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026
Ceatharlach	€160,914	€203,072	€221,249	€248,375	€236,285	€268,696	€330,778	€334,571	€371,127
An Cabhán	€157,312	€214,493	€219,373	€292,889	€285,071	€283,317	€312,750	€375,864	€362,581
An Clár	€236,082	€247,982	€283,304	€357,427	€366,791	€407,547	€483,467	€442,691	€465,393
Corcaigh	€344,196	€361,779	€408,787	€540,018	€530,609	€622,141	€606,120	€536,675	€628,191
Dún na nGall	€252,993	€271,825	€307,978	€364,438	€364,579	€386,222	€444,887	€437,219	€477,807
Cathair Bhaile Átha Cliath	€247,387	€320,812	€356,809	€436,344	€448,815	€436,224	€446,527	€510,474	€454,474
Dún Laoghaire–Ráth an Dúin	€187,367	€215,963	€237,663	€347,255	€286,294	€273,687	€355,371	€351,838	€404,341
Fine Gall	€162,717	€236,793	€280,224	€354,294	€363,712	€307,903	€312,212	€370,653	€435,563
Gaillimh	€211,300	€243,346	€280,351	€380,102	€393,486	€343,208	€340,274	€402,023	€477,048
Ciarraí	€180,127	€233,800	€250,073	€255,262	€230,067	€205,570	€223,588	€284,118	€358,281
Cill Dara	€179,478	€215,465	€264,868	€374,739	€369,378	€311,196	€410,415	€459,430	€476,577
Cill Chainnigh	€211,778	€246,710	€274,219	€311,610	€315,244	€301,714	€334,263	€504,749	€505,309
Laois	€220,342	€249,810	€278,821	€306,932	€335,544	€362,670	€363,565	€416,688	€444,047
Liatroim	€188,794	€233,944	€164,862	€250,487	€221,996	€241,884	€310,330	€320,419	€226,523
Luimneach	€355,576	€378,110	€379,528	€453,567	€411,367	€493,397	€576,679	€613,413	€744,901
An Longfort	€148,565	€229,858	€217,068	€281,841	€221,628	€279,246	€359,746	€286,539	€311,372
Lú	€133,776	€209,482	€213,453	€291,585	€312,945	€343,662	€352,311	€341,419	€319,080
Maigh Eo	€255,401	€266,960	€279,194	€379,822	€369,112	€383,409	€425,393	€413,294	€432,654
An Mhí	€222,460	€240,492	€269,780	€422,909	€381,797	€440,128	€533,724	€558,722	€717,334
Muineachán	€155,799	€213,109	€178,817	€218,554	€215,957	€249,653	€343,001	€326,667	€341,881
Uíbh Fhailí	€177,178	€217,255	€233,825	€311,249	€272,880	€311,305	€353,571	€396,055	€356,268
Ros Comáin	€144,557	€211,470	€214,840	€244,846	€261,595	€305,672	€366,733	€411,934	€401,669
Sligeach	€277,971	€292,078	€300,008	€383,312	€384,918	€415,148	€457,821	€458,189	€483,562
Baile Átha Cliath Theas	€177,711	€239,170	€280,920	€351,691	€287,923	€326,530	€398,371	€351,041	€344,565
Tiobraid Árann	€307,899	€326,333	€274,738	€392,021	€372,887	€347,121	€420,724	€440,250	€399,592
Port Láirge	€277,122	€313,075	€327,272	€408,775	€416,269	€385,787	€455,042	€500,613	€546,985
An Iarmhí	€180,268	€239,734	€240,578	€237,227	€246,446	€267,829	€326,701	€312,728	€332,390
Loch Garman	€159,027	€210,953	€235,954	€326,857	€331,178	€348,422	€378,392	€434,007	€397,090
Cill Mhantáin	€160,236	€207,635	€228,103	€323,000	€323,793	€322,963	€361,568	€352,717	€438,396
Iomlán	€6,074,333	€7,291,508	€7,702,659	€9,847,423	€9,558,566	€9,972,251	€11,384,324	€11,945,000	€12,655,000

Comhlachtaí Maoinithe Eile 2026

Aostacht agus Deiseanna

Léiríonn fianaise ó Mhonatóir Spóirt na hÉireann (MSÉ) 2024 go bhfuil éagothromaíochtaí soiléire a bhaineann le haois ann i rannpháirtíocht sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp. Léiríonn sonraí MSÉ gur mó seans go mbeidh daoine breacaosta éighníomhach agus go bhfuil rioscaí níos mó dá sláinte choirp. I gcomhthéacs daonra atá ag dul in aois, is dúshlán tábhachtach don spórt é aghaidh a thabhairt ar an mbearna rannpháirtíochta seo.

Is é Aostacht agus Deiseanna an eagraíocht náisiúnta atá tiomnaithe do dheiseanna a chruthú chun daoine breacaosta a chumhachtú chun folláine an duine aonair agus an phobail a fheabhsú trí bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht choirp agus spórt áineasa, sna healaíona agus sa chruthaitheacht, san fhorbairt pheasanta agus i dtionscnaimh um shaoránacht ghníomhach. Tá maoiniú leanúnach d'Aostacht agus Deiseanna ag teacht go dlúth le cuspóirí Spórt Éireann chun ionchuimsiú, rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil agus rochtain ar spórt ag gach céim den saol a chur chun cinn. Agus í ag obair i gcomhar le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, soláthraíonn Aostacht agus Deiseanna cláir ghníomhaíochta coirp spriocdhírthe, mar shampla FitLine, CarePALs, agus Peil Shiúil, cláir atá deartha chun gníomhaíocht choirp a spreagadh agus a choinneáil ag imeacht i measc daoine breacaosta.

Míchumas Gníomhach Éireann

Léiríonn fianaise ó MSÉ go bhfuil sé dhá oiread níos dóchúlach nach mbeidh daoine faoi mhíchumas in Éirinn rannpháirteach sa spórt, i gcomparáid le daoine nach bhfuil faoi mhíchumas, d'ainneoin go bhfuil os cionn 325,000 (32%) díobh rannpháirteach sa spórt nó sa ghníomhaíocht choirp go tráthrialta faoi láthair. Cé go bhfuil fás tagtha ar rannpháirtíocht, tá an bhearna fós níos mó do dhaoine nach bhfuil míchumas orthu, agus tá fás tagtha ar an ngrádán míchumais, ó 20 pointe céatadán in 2023 go dtí 22 phointe céatadán in 2024. Agus daonra na hÉireann ag dul in aois, tá coinne leis go dtiocfaidh fás ar na rátaí míchumais in Éirinn.

Is eagraíocht náisiúnta do dhaoine faoi gach cineál míchumais é Míchumas Gníomhach Éireann atá tiomanta do thír a dhéanamh d'Éirinn ina bhfuil níos mó deiseanna ag daoine faoi mhíchumas le bheith rannpháirteach ina rogha gníomhaíochta coirp. Comhoibríonn Míchumas Gníomhach Éireann agus Spórt Éireann le CNRanna agus CÁSanna chun ceardlanna oiliúna agus oideachais a fhorbairt maidir le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp. Áirítear ar an oiliúint Uathachas sa Spórt, Oiliúint i nDaoine faoi Míchumas a Chuimsiú, Traenáil Chorpacmhainne Ionchuimsitheach agus Oiliúint i Rannpháirtíocht sa Spórt agus Feasacht faoi Míchumas. In 2022, seoladh Cairt Spórt Éireann um Rannpháirtíocht sa Spórt do Dhaoine faoi Míchumas, i gcomhar le Míchumas Gníomhach Éireann. Tá os cionn 2,000 sínitheoir ag an gcairt anois, as 1,400 club, 80+ spórt agus 160+ giomnásiam agus ionad fóillíochta.

Éire Gníomhach

Léiríonn príomhthorthaí ó MSÉ 2024 gurb í aclaíocht phearsanta an ghníomhaíochta is mó tóir fós, agus níos mó ná dhá oiread rannpháirtí aici ná mar atá ag na chéad ghníomhaíochtaí eile a bhfuil an-tóir orthu.

Is é Éire Gníomhach an comhlacht náisiúnta ionadaíoch don earnáil fóillíochta, sláinte agus aclaíochta. Cuimsíonn sé os cionn 350 saoráid ar fud na tíre, ina measc ionaid fóillíochta, giomnásiamai, linnte snámha, soláthraithe oideachais aclaíochta agus ionaid áineasa. Is é an misean atá aige ná tacú lena chuid ball téarnamh, fás agus neartú ionas go spreagfar níos mó daoine le bheith níos gníomhaí, níos minice.

Oibríonn Éire Gníomhach chun caighdeán a ardú ar fud na hearnála, trí chlár gairmithe a choinneáil ar bun do ghairmithe aclaíochta (REPanna) agus trí na Caighdeáin Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta d'áiseanna a reáchtáil gach bliain.

Cónaidhm Spóirt na hÉireann

Is í Cónaidhm Spóirt na hÉireann an eagraíocht ionadaíoch do na Coistí Náisiúnta Rialaithe (CNRanna) don Spórt agus do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spórt (CÁSanna) in Ireland, agus déanann sí ionadaíocht ar bhreis agus 110 eagraíocht. Bhunaigh na Coistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt an eagraíocht in 2002. Príomhfheidhm de chuid Chónaidhm Spóirt na hÉireann is ea feachtas ar bhuntáistí an spóirt a ardú i réimse na polaitíochta agus stocaireacht a dhéanamh thar ceann a comhaltaí le haghaidh níos mó infheistíocht ón stáit. Soláthraíonn Cónaidhm Spóirt na hÉireann raon seirbhísí tacaíochta tábhachtacha do CNRanna agus do CÁSanna freisin chomh maith le Sport Dispute Solutions Ireland (SDSI) a reáchtáil.

Spórt Mac Léinn na hÉireann

Is é Spórt Mac Léinn na hÉireann an comhlacht rialála do spórt ardoideachais ar fud oileán na hÉireann. Díríonn sé go príomha ar cheannaireacht a thabhairt i leith fhorbairt na hearnála agus ar spórt agus gníomhaíocht coirp a éascú sna 23 ollscoil agus coláiste cleamhnaithe a dhéanann ionadaíocht do 240,000 mac léinn lánaimseartha agus do bhreis is 800 club spóirt in institiúidí ardoideachais. Déanann Spórt Éireann infheistíocht i Spórt Mac Léinn na hÉireann chun tacú le comhpháirtíochtaí a fhorbairt idir na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt agus institiúidí Ardoideachais.

Eagraíocht	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026
Aostacht agus Deiseanna	€607,605	€607,605	€607,605	€607,605	€607,605	€620,000	€620,000	€630,000	€724,500
Míchumas Gníomhach Éireann	€130,000	€130,000	€130,000	€130,000	€130,000	€140,000	€140,000	€150,000	€160,000
Éire Gníomhach	-	-	-	-	-	-	-	€50,000	€50,000
Cónaidhm Spóirt na hÉireann	€100,000	€100,000	€115,000	€115,000	€115,000	€125,000	€135,000	€155,000	€175,000
Spórt Mac Léinn na hÉireann	€50,000	€60,000	€60,000	€60,000	€60,000	€70,000	€75,000	€90,000	€100,000
Iomlán	€887,605	€897,605	€912,605	€912,605	€912,605	€955,000	€970,000	€1,075,000	€1,209,500

SÉANADH:

Cuirtear an fhaisnéis sa bhróisiúr seo ar fáil chun críche treoraíochta ginearálta agus sin amháin, agus d'fhéadfadh athrú teacht uirthi. Ní thugann Spórt Éireann aon ráthaíocht maidir le cruinneas nó iomláine na bhfigiúirí a chuirtear i láthair sa bhróisiúr seo. Ba cheart do gach eagraíocht a litir oifigiúil leithdháilte a léamh chun an méid a ceadaíodh a infheistiú iontu a dheimhniú.



For an English digital version of this brochure please go to:
www.sportireland.ie/national-governing-bodies/ngb-investment



SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND